Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gnó na hArdteistiméireachta


## Uirlísí Anailíse sa tSonraíocht Ghnó

CC BY NC

Oide

# Fáilte

Semineár Gréasáin ar
Ghnó na hArdteistiméireachta



Oide

# Tacaíocht

| | | |
|---|---|---|
| Eispéiris Foghlama Gairmiúla | Seimineáir Ghréasáin | Comhoibríocha |
| Suíomh Gréasáin | Cuairteanna Scoile | Liosta Seoltaí |

Oide

# Ábhair Thacaíochta

padlet

Liosta Seachadta Oide

# Intinní Foghlama

Sa seiminéar gréasáin seo...

- Pléifimid an tslí a dtacaíonn úsáid uirlisí anailíse le cinntí ar bhonn fianaise i gcúrsaí gnó
- Úsáidfimid na huirlísí sin i suíomhanna gnó
- Déanfaimid machnamh ar chuir chuige teagaisc agus foghlama chun na huirlísí anailíse a dhéanamh páirteach sa seomra ranga gnó.



# Uirlísí Anailíse

| | |
|---|---|
| 1.1.4 | **mapáil páirtithe leasmhara*** a dhéanamh agus an tábhacht le tús áite a thabhairt do spéiseanna páirtithe leasmhara éagsúla a mhíniú. |
| 2.3.4 | na príomhghnéithe de **chanbhás samhla gnó** a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar ról na samhlacha gnó i bhfiontair ar éirigh leo. |
| 2.4.7 | **greille chumhachta-spéise** a úsáid chun suim na gcustaiméirí a anailísiú agus an cumasc margaíochta a chur in oiriúint mar is gá. |
| 2.6.2 | úsáid a bhaint as **samhail cúig fhórsa Porter*** chun iomaíocht a shainaithint agus a anailísiú sa mhargadh agus na torthaí céanna a úsáid chun an buntáiste iomaíoch atá ag gnólacht a shainaithint |
| 2.4.8 | **anailís STEEPLE*** a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an timpeallacht sheachtrach agus chun saincheisteanna imní do ghnólacht a shainaithint. . |
| 3.4.7 | an tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú a mhíniú agus an chaoi a bhféadfadh **anailís réimse fórsa*** tacú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh le aghaidh athrú in eagraíocht a phlé. |


## Aguisín 2: Gluais Téarmaí

Tá sé i gceist go soiléireoidh an ghluais seo coincheapa agus téarmaí a úsáideadh sa tsonraíocht seo.


| Coincheap/Téarma | Tuiscint |
|---|---|
| Airgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais (CBDC) | Is foirm airgid é CBDC don saol digiteach. Tugann sé an rogha do thomhaltóirí úsáid a bhaint as airgead an bhainc ceannais i bhformáid dhigiteach, ag teacht le nótaí bainc agus boinn. Tá airgeadra digiteach éagsúil ó chripteamhona cobhsaí ina mbraitheann seasmhacht agus iontaofacht ar an aonán eisithe agus ar inchreidteacht agus ar in-fhorfheidhmitheacht a ghealltanais chun luach an airgid a choinneáil le himeacht aimsire. Níl aon aonán inaitheanta amháin atá faoi dhliteanas le haghaidh cripteashócmhainní. |
| Anailís réimse fórsa | Is cur chuige í anailís réimse fórsa a úsáidtear chun na fórsaí is cúis le hathrú agus na fórsaí a chuireann bac ar athrú a shainaithint agus a anailísiú. Is féidir le fórsaí a bheith inmheánach agus seachtrach araon. |
| Anailís STEEPLE | Is féidir anailís STEEPLE a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngnéithe seachtracha ar ghnólacht. Cuimsítear léi machnamh ar ghnéithe sóisialta, teicneolaíochta, eacnamaíochta, comhshaoil, polaitíochta, dlíthiúla agus eiticiúla. |
| Beartas rialtas na hÉireann | Is ionann seo agus beartas rialtas na hÉireann lena gcuimsítear gníomhaíochtaí nó ráitis treoraíochta a chuireann an rialtas i bhfeidhm agus a úsáideann an rialtas mar bhonn le haghaidh cinnteoireachta. |
| Caipiteal daonna | Na hinniúlachtaí atá ag daoine, a infheistítear iontu agus a fhorbraítear chun cuidiú leo a bheith níos táirgiúla agus a bpoitéinseal a bhaint amach. |
| Canbhás samhla gnó | Is uirlis é canbhás samhla gnó a úsáidtear chun samhail ghnó a mhapáil agus cuimsítear leis príomhpháirtithe, gníomhaíochtaí agus acmhainní, togra luacha (an fáth a roghnódh an custaiméir an táirge/an tseirbhís), custaiméirí, caidrimh le custaiméirí agus cainéil custaiméirí, costais agus ioncam reatha. |
| Greille chumhachta-spéise | Is foirm de mhapáil páirtithe leasmhara í greille cumhachta-spéise ina gcuirtear san áireamh ábhair spreagtha na bpáirtithe leasmhara agus a gcumas chun tionchar a imirt (bíodh sé dearfach nó diúltach) ar an gcaoi seo mapáiltear iad de réir a gcumhachta agus a spéise coibhneasta. |
| Cuspóirí SMART (le haghaidh taighde) | Ceist a bheachtú le haghaidh taighde bunaithe ar an gceist a bheith sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama. |
| Domhandú | An t-idirspleáchas agus an idircheangailteacht atá ag méadú idir geilleagair, cultúir agus pobail an domhain a thagann ó thrádáil trasteorann earraí, seirbhísí, teicneolaíocht dhigiteach agus gluaiseacht infheistíochta, daoine, sonraí agus eolais. |
| Earnáil an gheilleagair (in Éirinn) | Na hearnálacha gníomhaíochta eacnamaíochta éagsúla a dhéanann táirgeoirí/soláthraithe seirbhíse a chatagóiriú bunaithe ar na hearraí nó seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) liosta earnálacha i ngeilleagar na hÉireann. |
| Fiontair sheachbhrabúsacha | Fiontair atá spreagtha ag cuspóirí sóisialta níos leithne, lena n-áirítear carthanais, fiontair shóisialta, agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna). |
| Foinsí faisnéise | Is féidir le foinsí eolais a bheith ina mbunfhoinsí nó ina bhfoinsí tánaisteacha. Cuimsítear bundoiciméid le bunfhoinsí ina bhfuil eolas bunfhoinse agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí leo sin agallaimh agus suirbhéanna, agus is minic a léirmhíníonn foinsí tánaisteacha eolas ó bhunfhoinse. |
| Folláine chorparáideach | Fócas eagraíochtúil ar chothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ar fholláine iomlán an fhórsa oibre chun áit oibre éagsúil, ionchuimsitheach agus shláintiúil a chothú. |
| Geilleagar ciorclach | Samhail táirgeachta agus tomhaltais a chuireann le saolré na dtáirgí, a laghdaíonn dramhaíl agus a chruthaíonn tuilleadh luacha. |
| Geilleagar poistíneachta | Is ionann an geilleagar poistíneachta agus an chuid de mhargadh an lucht saothair a bhraitheann ar phoist shealadacha, ar oibrithe páirtaimseartha nó ar shaoroibrithe. |

42

Fíor. 1: Sonraíocht Gnó, *2024, l. 42-43. Aguisín 2: Gluais Téarmaí*

# Machnamh

Cé chomh muiníneach atá tú faoi na huirlísí anailíse a úsáid i do sheomra ranga?




*1 = Muinín ar bith*
*10 = Lán muiníne*




Oide

Tá aerlíne ag smaoineamh ar athruithe a chur i bhfeidhm: athrú go hiomlán go seiceáil isteach féinfhreastail agus ionad fágála bagáiste féinfhreastail

**Smith, O. (2023**) *Ranked & rated: Our verdict on Europe's best and worst airlines. The Telegraph*, 22 February. Available at: https://www.telegraph.co.uk/travel/lists/ranked-rated-verdict-europes-best-worst-airlines/ (Accessed: 24 October 2025). Image credit: Getty images

# Anailís Réimse Fórsa (3.4.7)

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an suntas a bhaineann le pleanáil straitéiseach mar phróiseas leanúnach in eagraíocht, an chaoi a dtacaíonn sí le hathrú a stiúradh agus a bhainistiú in eagraíocht agus an chaoi ar féidir anailís réimse fórsa a úsáid chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach. | 7. an tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú a mhíniú agus an chaoi a bhféadfadh anailís réimse fórsa* tacú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh le aghaidh athrú in eagraíocht a phlé. |

| | |
|---|---|
| **Anailís réimse fórsa** | Is cur chuige í anailís réimse fórsa a úsáidtear chun na fórsaí is cúis le hathrú agus na fórsaí a chuireann bac ar athrú a shainaithint agus a anailísiú. Is féidir le fórsaí a bheith inmheánach agus seachtrach araon. |

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí l.42)

# Anailís Réimse Fórsa - Sampla

## Fórsaí is cúis le hathrú

5 Laghdófaí costais saothair.

5 Bheadh an córas ar siúl go huathoibríoch.

3 Bheadh custaiméirí á bpróiseáil níos tapúla.

2 Thiocfadh feabhas ar bhailiú sonraí agus ar anailísíocht na gcustaiméirí

**Iomlán = 15**




Athrú go hiomlán go seiceáil isteach agus ionad fágála bagáiste féinfhreastail

1: Fórsa lag
5: Fórsa láidir

## Na Fórsaí a chuireann bac ar athrú

Tá eagla ar oibrithe maidir lena bpostanna 4

Costais 3

Rioscaí - cibirionsaithe, bristeacha cumhachta. 4

D'fhéadfadh roinnt paisinéirí streachailt leis nó d'fhéadfadh nár thaitneodh an t-athrú leo – rud ba chúis le laghdú ar dhíolacháin. 3

**Iomlán= 14**

**Adapted from:** SlideKit Force Field Analysis PowerPoint & Google Slides Template. Accessed: 11 November 2025. https://www.slidekit.com/force-field-analysis-powerpoint-google-slides-template/

# Gníomhaíocht: Anailís Réimse Fórsa

Léigh an spreagthach agus...

- Aithin an t-athrú a theastaíonn ón eagraíocht a thabhairt isteach.
- Bain úsáid as anailís réimse fórsa **chun fórsaí is cúis le hathrú** agus **fórsaí a chuireann bac ar athrú** a aithint.
- Déan plé ar conas is féidir le hanailís réimse fórsa tacú le pleanáil straitéiseach le haghaidh athrú in eagraíocht

3 nóim.

10 nóim.




**AIB says it 'will not proceed' with plans to make 70 branches cashless in wake of massive backlash**

**Source:** Moore, J. (2025) , AIB says it 'will not proceed' with plans to make 70 branches cashless in wake of massive backlash, The Journal.ie, *22 July 2022.Sourced at:* AIB says it 'will not proceed' with plans to make 70 branches cashless in wake of massive backlash (Accessed 23 October 2025)

# Aiseolas agus Machnamh: Anailís Réimse Fórsa



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Samhail cúig fhórsa Porter (2.6.2)

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **6. Fás, forbairt agus méadú**<br>• an tábhacht le hiomaíocht fhéideartha agus iomaitheoirí féideartha a shainaithint i ngnó agus an suntas a bhaineann le buntáiste iomaíoch gnólachta agus an chaoi ar féidir le gnólacht an leas is fearr a bhaint as seo. | 2. úsáid a bhaint as samhail cúig fhórsa Porter* chun iomaíocht a shainaithint agus a anailísiú sa mhargadh agus na torthaí céanna a úsáid chun an buntáiste iomaíoch atá ag gnólacht a shainaithint. |


| | |
|---|---|
| **Samhail cúig fhórsa Porter** | Cuimsítear le samhail Porter cúig fhórsa a thacaíonn le tuiscint níos doimhne ar na fórsaí iomaíocha laistigh de ghnólacht a spreagann an chaoi a roinntear luach eacnamaíochta i measc na bpáirtithe leasmhara. Cuimsítear leis na cúig fhórsa le samhail Porter, bagairt na n-iontrálaithe nua, cumhacht mhargála na soláthraithe, cumhacht mhargála na gcustaiméirí, bagairt na dtáirgí ionaid agus coimhlint iomaíoch. |

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí l.43)

# Samhail cúig fhórsa Porter



# Samhail cúig fhórsa Porter AIB




# Gníomhaíocht: Samhail cúig fhórsa Porter

Oide

Le do ghrúpa, bain úsáid as samhail **cúig fhórsa Porter** lena aithint cad é an iomaíocht os comhair SuperValu sanearnáil grósaeireachta agus le hanailís a dhéanamh orthu.

10 nóim.

SuperValu



# Aiseolas agus Machnamh: Samhail cúig fhórsa Porter



# Canbhás Samhla Gnó (2.3.4)

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **3. Pleanáil ghnó** | |
| • an tábhacht leis an tsamhail ghnó agus le gnéithe de chanbhás na samhla gnó*. | **4.** na príomhghnéithe de chanbhás samhla gnó a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar ról na samhlacha gnó i bhfiontair ar éirigh leo. |

| | |
|---|---|
| **Canbhás samhla gnó** | Is uirlis é canbhás samhla gnó a úsáidtear chun samhail ghnó a mhapáil agus cuimsítear leis príomhpháirtithe, gníomhaíochtaí agus acmhainní, togra luacha (an fáth a roghnódh an custaiméir an táirge/an tseirbhís), custaiméirí, caidrimh le custaiméirí agus cainéil custaiméirí, costais agus ioncam reatha. |

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí l. 42)

# Canbhás Samhla Gnó

Siopa Caife

Deartha ag: An Bainisteoir

Oide

## Príomhpháirtithe

- Soláthraithe Pónairí Caife
- Páirtithe Seachadta

## Gníomhaíochtaí

- Caife le déanamh
- Stoc le bainistiú
- Margaíocht le déanamh

## Acmhainní

- Na Barista
- Gléasanna Caife
- Pónairí Caife.

## Togra luacha

- Caife ar ardchaighdeán.
- Atmaisféar deas
- Saoráid
- Seirbhís thráthúil

## Caidrimh le custaiméirí

- Cártaí dílseachta
- Seirbhís Chairdiúil
- Na Meáin Shóisialta

## Cainéil custaiméirí

- Siopa Fisiciúil
- Aipeanna
- Seachadadh le Dróin

## Custaiméirí

- Oibrithe ó oifigí áitiúla
- Comaitéirí
- Mic Léinn
- Siopadóirí
- Turasóirí

## Costais

- Cíos
- Pá
- Pónairí Caife
- Billí fóntais

## Ioncam reatha


- Díolacháin Chaife.
- Earraí
- Veain Chaife Soghluaiste

# Gníomhaíocht: Canbhás Samhla Gnó

Oide

10 nóim.

Aithin dhá phointe ábhartha faoi gach ceann de na gnéithe.





Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Aiseolas agus Machnamh: Canbhás Samhla Gnó



# Mapáil Páirtithe Leasmhara (1.1.4)

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Príomhpháirtithe leasmhara i ngnó**<br>• príomhpháirtithe leasmhara i ngnó (lena n-áirítear úinéirí gnólachtaí, infheisteoirí, fostaithe, tomhaltóirí, soláthróirí, pobal áitiúil agus rialtas), an tábhacht atá leo i ngnó agus a n-idirspleáchais, lena n-áirítear riachtanais agus mianta na bpríomhpháirtithe leasmhara éagsúla ag céimeanna éagsúla den fhorbairt gnó. | 4. mapáil páirtithe leasmhara* a dhéanamh agus an tábhacht le tús áite a thabhairt do spéiseanna páirtithe leasmhara éagsúla a mhíniú. |

| | |
|---|---|
| **Mapáil páirtithe leasmhara** | Cuimsítear machnamh a dhéanamh ar an bpríomhpháirtithe leasmhara agus ar a gcumhacht agus a dtionchar le mapáil páirtithe leasmhara, agus a bheith ag foghlaim faoin réimse páirtithe leasmhara agus ar an ngá le cuimhneamh ar réimse dearcthaí. Is féidir le mapáil páirtithe leasmhara a bheith scríofa nó físiúil agus ba cheart go gcuimseofaí léi páirtithe leasmhara éagsúla, a n-idirspleáchais agus idirchaidrimh, agus machnamh ar a gcumhacht agus ar a dtionchar ar chinnteoireacht. |

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí l.42)

# Greille chumhachta-spéise (2.4.7)


| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **4. An spriocmhargadh** | |
| • an fhéidearthacht a bhaineann le réimse uirlisí anailíseacha chun suim na gcustaiméirí agus an timpeallacht sheachtrach a anailísiú | 7. greille chumhachta-spéise a úsáid chun suim na gcustaiméirí a anailísiú agus an cumasc margaíochta a chur in oiriúint mar is gá. |

| | |
|---|---|
| **Greille chumhachta-spéise** | Is foirm de mhapáil páirtithe leasmhara í greille cumhachta-spéise ina gcuirtear san áireamh ábhair spreagtha na bpáirtithe leasmhara agus a gcumas chun tionchar a imirt (bíodh sé dearfach nó diúltach) ar an gcaoi seo mapáiltear iad de réir a gcumhachta agus a spéise coibhneasta. |

(Aguisín 2 Gluais Téarmaí l.42)

Oide

# Mapáil Páirtithe Leasmhara le Greille Chumhachta-Spéise




- **Ceathrú 1**: Cumhacht Ard, Spéis Íseal
- **Ceathrú 2**: Cumhacht Ard, Spéis Ard
- **Ceathrú 3**: Cumhacht Íseal, Spéis Ard
- **Ceathrú 4**: Cumhacht Íseal, Spéis Íseal

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Mapáil Páirtithe Leasmhara a dhéanamh

## Bank staff 'surprised and disappointed' over back to the office push

Updated / Monday, 22 Sep 2025 07:20



Both AIB and Bank of Ireland announced plans in the summer to increase the number of days staff come in to the office

- Aithin na páirtithe leasmhara is tábhachtaí
- Aithin an ceathrú ina gcuirtear gach páirtí leasmhar ar an ngreille chumhachta-spéise

RTÉ News. (2025, September 22). *Bank staff 'surprised' by back to the office push*.
https://www.rte.ie/news/2025/0921/1534404-bank-staff-remote-working/

# Gníomhaíocht: Mapáil Páirtithe Leasmhara (Greille Chumhachta-Spéise)



## Why Ryanair is scrapping physical boarding passes, and what it means for you

Smartphones only for future travel – but airline says it will help you if your phone dies before you board

Source: Pope, C. 2025. 'Why Ryanair is scrapping physical boarding passes, and what it means for you', *The Irish Times*, 11 November 2025. Photo:istock

# Gníomhaíocht: Mapáil Páirtithe Leasmhara (Greille Chumhachta-Spéise)

10 mins

- Aithin na páirtithe leasmhara a bheadh thíos leis na hathruithe molta atá á dtabhairt isteach ag Ryanair?
- Beartaigh ar leibhéal cumhachta (tionchair) agus leibhéal atá ag gach grúpa páirtithe leasmhara – cumhact/spéis íseal/ard?
- Bain úsáid as an teimpléad sa Padlet chun an ghreille chumhachta-spéise a líonadh.
- Déan cinnte go bhfuil aon ghrúpa páirtithe leasmhara amháin ar a laghad i ngach ceathrú.




# Machnamh agus aiseolas: Mapáil Páirtithe Leasmhara



Oide

# Machnamh

Cé chomh muiníneach atá tú faoi na huirlísí anailíse a úsáid i do sheomra ranga?




*1 = Muinín ar bith*
*10 = Lán muiníne*

# Machnamh ar an EFG seo

Oide

**Déan machnamh**

Déan machnamh ar an EFG seo. Cad a thabharfaidh tú leat ón seimineár seo?

**Aithin**

Aithin na gníomhartha a ghlacfaidh tú tar éis an tseimineáir seo


**Cuimhnigh**

Cuimhnigh ar cad iad na straitéisí nua agus cuir chuige nua is féidir a chur i bhfeidhm i do sheomra ranga.

# Connect with us

All Business Subjects: News, information and resources.

All bookings for teachers and schools.





Sign up for the subject mailing list.

# Bí i dteagmháil linn



Businesssubjects@oide.ie




@Oide_Business

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers